Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13860/25**
**ADD 1**

**DENLEG 51**
**FOOD 84**
**SAN 617**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 109574 iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid seileaic (E 904) i mbia chun críocha speisialta míochaine i bhfoirm táibléad agus i bhfoirm táibléad brataithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 109574 iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: D(2025) 109574 iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/781 ANNEX
(POOL/E2/2025/781/781 EN
ANNEX.docx) D109574/02
[…](2025) XXX draft

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid seileaic (E 904) i mbia chun críocha speisialta míochaine i bhfoirm táibléad agus i bhfoirm táibléad brataithe**

## IARSCRÍBHINN I

I gCuid E d'Iarscríbhinn II, i gcatagóir bhia 13.2 'Bia chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 (seachas táirgí ó chatagóir bhia 13.1.5)', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann le breiseáin bhia E 491-495 Eistir shoirbíotáin agus E 950 Aicéasuilféime K:

'

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 904 | Seileaic | 46 000 | | i bhfoirm táibléad agus i bhfoirm táibléad brataithe agus sna foirmeacha sin amháin |

'.

## IARSCRÍBHINN II

San Iarscríbhinn, leasaítear an iontráil a bhaineann le 'E 904 Seileaic' mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Sainmhíniú':

| | |
|---|---|
| 'Sainmhíniú | An leaic íonaithe agus thuartha is ea seileaic, a fhaightear ó thál roisíneach na feithide *Laccifer (Tachardia) lacca* Kerr (Fam. *Coccidae*). Baintear an chéir trí scagachán.' |

;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Tuairisc':

| | |
|---|---|
| 'Tuairisc | Seileaic thuartha atá saor ó chéir — roisín atá idir neasbhán agus buí éadrom, éagruthach, gráinneach' |

;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta 'Céir':

| | |
|---|---|
| 'Céir | nach mó ná 0,2 %' |

.